



**IARRATAS CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL AR LAMHÁLTAIS
SHEALADACHA UM THRÁDÁIL AR THRÁNNA POIBLÍ 2021 I
LIMISTÉAR RIARACHÁIN CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL**

Ainm: _____ **Fón Póca:** _____

Seoladh: _____

Seoladh Ríomhphoist: _____

Na cineálacha sólaistí a bheidh á dtrádáil:

**Tá na tránna agus na háiteanna atá ar fáil le haghaidh trádála liostaithe sa tábla
thíos -**

Uimh. Thag. na Líníochta	Láthair	Uimhir Áit Trádála	Táille is Iníochta	Cineál Sólaistí
227/2D	An Ros Theas	1	€1,440	Bia Te
		2	€1,440	Uachtar Reoite
227/3D	Baile Carraige, Domhnach Bat	1	€1,440	Uachtar Reoite
		2	€1,440	Bia Te
		3	€960	Uachtar Reoite
		4	€960	Bia Te
227/7D	Tower Bay (Carrchlós), Port Reachrann	1	€1,440	Bia Te
227/4D	Port Mearnóg	1	€1,440	Uachtar Reoite
		2	€1,440	Bia Te
		3	€960	Uachtar Reoite
		4	€960	Bia Te
227/6D	Trá Mhullach Íde (Carrchlós)	1	€1,800	Uachtar Reoite
		2	€1,800	Bia Te
227/5D	An tOileán Rua, Na Sceirí (Carrchlós)	1	€1,800	Uachtar Reoite



Seicliosta maidir le Trádáil ar an Trá 2021

Ní leithdháilfear ach áit trádála AMHÁIN in aghaidh an iarratasóra trí Chrannchur Poiblí

Cuirfear am agus dáta an Chrannchuir in iúl do na iarratasóirí ar éirigh leo i scríbhinn. Ní mór d'iarratasóirí freastal ar an gcrannchur. Sa chás nach bhfuil iarratasóir in ann freastal ar an gcrannchur **NÍ MÓR** gníomhaire údaraithe a ainmniú.

1. Foirm Iarratais FCC
2. Deimhniú Comhlíonta Cánach
3. Árachas Dliteanais Phoiblí €6.5m
4. Deimhniú Árachais Mótair
5. Deimhniú Ródacmhainneachta
6. Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta –
caithfidh sé seo a thaispeáint freisin go bhfuil tú
comhlíontach le treoirínte Covid-19
7. Fógra gur comhlíonadh Rialacháin FSS
8. Uimhir Cheadúnais Stalla Bia _____

Beidh i láthair ag an
gCrannchur Poiblí

Cuirfear gníomhaire údaraithe
chuig an gCrannchur Poiblí

Ainm an Ghníomhaire Údaraithe: _____

Léigh mé na coinníollacha iarratais faoi iamh a bhaineann le Lamháltas Sealadach um Thrádáil ar an Trá do 2021 ó Chomhairle Contae Fhine Gall agus aontaím a bheith faoi cheangal ag na coinníollacha sin.

Sínithe: _____

Dáta: _____



COINNÍOLLACHA

Cuireann Comhairle Chontae Fhine Gall fáilte roimh lamháltais chun stalláí a oibriú do dhíolachán sólaistí do Shéasúr an tSamhraidh 2021 ag na tránna poiblí arna liostú san Foirm Iarratais faoi iamh. Tá láthair na n-áiteanna trádála ar na tránna mar a léirítear ar na líníochtaí; **227/2D; 227/3D; 227/4D; 227/5D; 227/6D; 227/7D.**

I ngach cás is í **Áit Trádála Uimh. 1** an áit trádála is gaire don rochtain nó bealach isteach ar an trí agus tá an chuid eile níos faide ón mbealach isteach.

Beidh feidhm leis na coinníollacha seo a leanas:

1. Ní mór iarratais a chomhlánú & a chur isteach ar an Fhoirm Iarratais iniata.
2. Ní mór go mbeadh gach seastán déanta as aonaid inbhogtha agus feistithe go cuí don chineál seirbhíse ar leith a bhfuil sé beartaithe a chur ar fáil. Ní cheadófar i gcás ar bith do lamháltóirí oibriú ó ghluaisteáin phríobháideacha nó eile. Ní cheadófar aon struchtúr/aonad garbh nó mí-oiriúnach. **Ní mór go mbeadh dóthain each-chumhachta ag feithicilí a bhíonn ag tarraingt saoráidí lónadóireachta, go háirithe, ionas go mbeidh ar a gcumas na saoráidí sin a tharraingt agus iad ar an trá.**
3. **Ní bheidh cead ag lamháltóirí trádáil ar na tránna i dtrácht roimh 11.00 a.m. agus ní mór gach seastán inbhogtha a thógáil ón trá roimh 8.00 p.m. gach oíche.** Ní fhéadfar aonaid/seastáin a fhágáil gan feithicil tarraingthe ach amháin le cead dearfa ó Oifigeach de chuid na Comhairle.
4. Ceanglófar ar gach lamháltóir dhá **Ghabhdán Bruscair** ar a laghad a sholáthar i leith gach seastán agus ag deireadh gach lae ní mór gach páipéar, plaisteach agus bruscar gloine laistigh de gha 20 méadar dá gcuid seastán a bhailiú. Má theipeann ar na Lamháltóirí an riachtanas sin a chomhlíonadh d'fhéadfaí a lamháltas a chealú gan an táille a íocadh leis an gComhairle don lamháltas séasúrach sin a aisíoc.
5. Ná bíodh an t-achar a thógtar suas ag aon seastán amháin, lena n-áirítear stóráil earraí agus Gabhdán Bruscair, níos mó ná 15 méadar cearnach. Ní féidir seastáin a bheith suite ach amháin laistigh den achar ginearálta a léirítear ar an léarscáil & ní mór sin a chomhaontú ar an láthair le hOifigeach ón gComhairle. **Ní mór do sheastáin fanacht suite ag an láthair a comhaontaíodh ar feadh an tséasúir.**
6. Ní mór **Árachas Dlíteanais Phoiblí ar mhéid €6.5m** i gcás aon timpiste amháin a fháil, **ní mór don pholasaí a lua go bhfuil Comhairle Contae Fhine Gall slánaithe** agus ní mór don iarratasóir cruthúnas de sin a thabhairt don Chomhairle sula ndéantar aon lamháltas a thabhairt.
7. Ní mór **Deimhniú Árachais Mótair agus Deimhniú ar Ródacmhainneacht** a chur ar fáil i leith na feithicilí ábhartha mar is cuí.

8. Ní mór gach seastán / aonad a chothabháil ar bhealach néata, slachtmhar agus sláinteach. Ní mór go gcloífeadh úsáid na seastán chun sólaistí a dhíol leis na **Rialacháin um Sláinteachas Bia** agus má mhainníonn na Lamháltóirí na rialacháin sin d'fhéadfadh siad a bheith faoi dhliteanas na pionóis forordaithe a íoc agus d'fhéadfaí a gcuid lamháltas a chealú agus an táille a íocadh leis an gComhairle don lamháltas séasúrach a fhorghéilleadh.
9. Ní mór **Ráitis Sláinte agus Sábháilteachta** a chomhlíonann treoirlínte an **Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta** atá ar fáil ón FSS a chur ar aghaidh leis an Iarratas. Caithfidh sé seo a thaispeáint freisin go bhfuil tú ag cloí le treoirlínte Covid-19.
10. Ní mór do gach lamháltóir cloí leis na Fodhlíthe a rialaíonn na trána dá dtagraítear (ar fáil ar www.fingal.ie) agus leis na coinníollacha iniata le gach lamháltas agus má dhéantar iad sin a sháru d'fhéadfaí an lamháltas a aistarraingt gan an táille ná aon chuid de a aisíoc.
11. **Beidh feidhm ag gach lamháltas ó Dé Sathairn an 24 Aibreán 2021 go dtí Dé Domhnaigh an 26 Meán Fómhair 2021.**
12. Ba chóir a thabhairt ar aird go bhfuil na bealaí isteach chuig an Ros Thuaidh, an Ros Theas, Domhnach Bat agus Port Mearnóg rialaithe ag geataí agus déantar an bealach isteach chuig na trána eile a rialú le bacainní srianta airde. Ní mór geataí & bacainní a chur faoi ghlas díreach i ndiaidh iad a úsáid. Eiseofar eochracha na ngeataí nó na mbacainní ar lamháltais nuair a íoctar éarlais agus beidh siad freagrach as na heochracha sin lena chinntiú nach mbeidh rochtain ag trádálaithe/daoine neamhúdraithe ar na trána ag úsáid na heochracha sin. Ní mór eochracha a thabhairt ar ais don Chomhairle ag deireadh na tréimhse lamháltais agus aisíocfar an éarlais ar ais. Mura ndéantar an eochair a thabhairt ar ais ag deireadh an tséasúir d'fhéadfaí iarratais amach anseo a dhiúltú.
13. Tá cosc ar leapacha agus fáinní inséidte a dhíol.
14. Ní mór do lamháltóirí cloí le teoracha Oifigigh Chomhairle Contae Fhine Gall agus ní fhéadfaidh siad trádáil ach amháin ag an áit trádála leithdháilte.
15. Sannfar áiteanna trádála ar iarratasóirí ar éirigh leo trí Chrannchur Poiblí. Cuirfear am agus dáta an Chrannchuir in iúl do na iarratasóirí ar éirigh leo i scríbhinn.

Ní mór iarratais a sheoladh ar ais chuig:

**Lamháltas um Thrádáil ar an Trá 2021,
Oifigeach Riaracháin (An Rannóg Oibríochtaí),
Comhairle Contae Fhine Gall,
Bóthar an Gharráin,
Baile Bhlainséir,
Baile Átha Cliath 15**

tráth nach déanaí ná **am scoir Dé hAoine an 1 Aibreán 2021**

Forchoimeádann an Chomhairle an ceart glacadh le haon iarratas nó é a dhiúltú nó aon lamháltas a eisítear a aistarraingt.